

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
Cás M.10926 – FARFETCH / RICHEMONT / YNAP

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 334/08)

1. An 15 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Farfetch Limited ('Farfetch') (an Ríocht Aontaithe),
- Compagnie Financière Richemont S.A. ('Richemont') (an Eilvéis),
- YOOX Net-A-Porter Group S.p.A. ('YNAP') (an Iodáil), de chuid Richemont.

Gheobhaidh Farfetch agus Richemont comhrialú ar YNAP de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is ardán domhanda don tionscal faisin só é Farfetch atá gníomhach i soláthar miondíola na só-earraí pearsanta, den chuid is mó trína mhargadh agus sraith de siopaí miondíola. Tá Farfetch gníomhach freisin i soláthar seirbhísí ríomhthrachtála do bhrandaí.
- Is cuideachta shealbhaíochta é Richemont atá comhdhéanta de 26 brandaí só pearsanta ('Richemont Maisons'), lena n-áirítear Cartier, Van Cleef & Arpels, Montblanc, Alfred Dunhill agus IWC Schaffhausen chomh maith le YNAP.
- Is miondíoltóir domhanda na só-earraí pearsanta ar líne é YNAP a sholáthraíonn rogha coimeádaithe na só-earraí faisin trína sraith féin de siopaí ar líne (Net-A-Porter, Mr Porter, YOOX agus The Outnet). Tá YNAP gníomhach freisin i soláthar seirbhísí ríomhthrachtála do bhrandaí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10926 – FARFETCH / RICHEMONT / YNAP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: <mailto:COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu>

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').